



Chuig: Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna, na nIar-bhunscoileanna agus na Scoileanna Speisialta Aitheanta

Fógra maidir le tacaíochtaí maoinithe Caipitíochta Covid-19

Tá maoiniú Dheontas Caipitíochta Covid-19 á chur ar fáil do Théarma 1 de scoilbhliain 2022/23 chun tacú le scoileanna chun leanúint ar aghaidh agus cosc ar ionfhabhtú agus bearta rialaithe a chur i bhfeidhm, ar nós sláinteachas lámh, sláinteachas riospráide agus glantachán chun an riosca a laghdú maidir le COVID-19 a scaipeadh agus chun cosaint a thabhairt do shábháilteacht, sláinte agus leas na mball foirne, na scoláirí, na dtuismitheoirí agus na gcuairteoirí.

Ós rud é nach bhfuil sé an scaradh fisiciúil riachtanach a thuilleadh i scoileanna, ní íocfar an deontas Caipitíochta i dtaca le maoirseacht bhreisthe d'Iar-Bhunscoileanna do scoilbhliain 22/23. Chomh maith leis sin, cé nach bhfuil sé riachtanach do baill foirne nó scoláirí masc a chaitheamh ar scoil, is féidir leo leanúint ar aghaidh agus masc a chaitheamh más mian leo é sin a dhéanamh ar bhonn pearsanta agus leanfaidh scoileanna ag cur masc ar fáil ar iarratas do na baill foirne nó scoláirí mar atá á dhéanamh acu faoi láthair.

Tá tuilleadh sonraí faoi mhaoiniú Dheontas Caipitíochta Covid-19 do Théarm 1 2022/23 san áireamh thíos. Eiseofar an maoiniú seo chuig scoileanna go luath.

Tá na gnáthdheontais a bhaineann le caipitíocht á n-íoc go fóill chun freastal ar chostais reatha eile de chuid na scoileanna.

Beidh Iar-Bhunscoileanna san Earnáil ina nGearrtar Táillí ar éirigh lena n-iarratas ar mhaoiniú Caipitíochta Covid-19 in 2020/21 agus 2021/22 i dteideal maoinithe go huathoibríoch i dThéarma 1 2022/23.

Déanfar íocaíochtaí deontais do Théarma 1 de scoilbhliain 2022/23 a ríomh ag baint úsáid as na rátaí céanna in aghaidh an duine mar a bhí i bhfeidhm do Théarma 1 de scoilbhliain 2021/22 agus beidh siad bunaithe ar an líon aitheanta ar an rolla do Mheán Fómhair 2021. Mar sin féin, is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil íocaíochtaí deontais don Ghlantachán Breisthe agus don Trealamh Cosanta Pearsanta á gcur le chéile mar aon íocaíocht amháin do Théarma 1 2022/23 i.e. Deontas COVID-19 Curtha le Chéile do Thacaíochtaí Glantacháin agus Díghalrán/Trealamh Cosanta Pearsanta.

Mar atá le feiceáil sa tábla thíos, is ionann luach iomlán an Deontais don Ghlantachán agus don Trealamh Cosanta Pearsanta atá Curtha le Chéile agus an dá íocaíocht deontais ar leith.

Deontais Chaipitíochta COVID-19 Téarma 1 – Rátaí in aghaidh an dalta – Bunscoileanna		
Rátaí Deontais	Príomhshrutha	Ranganna Speisialta/Scoil Speisialta
Rátaí Deontais Curtha le Chéile don Ghlantachán agus don Trealamh Cosanta Pearsanta - Téarma 1 22/23		
Ráta Curtha le Chéile don Ghlantachán agus don Trealamh Cosanta Pearsanta	€41.00	€105.67
Rátaí Deontais don Ghlantachán Breisithe agus don Trealamh Cosanta Pearsanta a íocadh roimhe seo do Théarma 1 21/22		
Ghlantachán Breisithe	€21.00	€25.67
Trealamh Cosanta Pearsanta	€20.00	€80.00
Tabhair faoi deara: Tá na deontais a íoctar le scoileanna ina bhfuil rollú atá cothrom le 60 dalta nó níos lú bunaithe ar rollú de 60 dalta ar a laghad.		

Deontais Chaipitíochta COVID-19 Téarma 1 – Rátaí in aghaidh an dalta – Iar-Bunscoileanna		
Rátaí Deontais	Príomhshrutha	Ranganna Speisialta
Rátaí Deontais Curtha le Chéile don Ghlantachán agus don Trealamh Cosanta Pearsanta - Téarma 1 22/23		
Ráta Curtha le Chéile don Ghlantachán agus don Trealamh Cosanta Pearsanta	€43.00	€141.33
Rátaí Deontais don Ghlantachán Breisithe agus don Trealamh Cosanta Pearsanta a íocadh roimhe seo do Théarma 1 21/22		
Ghlantachán Breisithe	€11.00	€13.33
Trealamh Cosanta Pearsanta	€32.00	€128.00
Tabhair faoi deara: Tá na deontais a íoctar le scoileanna ina bhfuil rollú atá cothrom le 200 dalta nó níos lú bunaithe ar rollú de 200 dalta ar a laghad.		

Tá samplaí léiritheacha de luach na ndeontas seo atá iníoctha le scoileanna de mhéideann éagsúla curtha ar fáil in Aguisín A.

Tá na deontais ar fad a bhaineann le Caipitíocht Covid-19 le húsáid chun na críche mar a bhí leagtha amach i gCiorcláin 0045 agus 0046/2020 atá ar fáil freisin ar shuíomh gréasáin na Roinne ag na naisc thíos.

<https://www.gov.ie/ga/ciorclan/tacaiochtaí-oibriuchain-covid-19-chun-filleadh-go-hiomlan-ar-an-scoil/>

<https://www.gov.ie/ga/ciorclan/tacaiochtaí-oibriuchain-covid-19-don-fhilleadh-iomlan-ar-scoil-iarbhunscoil/>

Is féidir le scoileanna leas a bhaint as maoiniú atá curtha ar fáil ar fud raon na ndeontas lena chinntiú go bhfuil sreabhadh airgid leordhóthanach ann ag amanna ar leith.

Ní mór leanúint ar aghaidh agus an t-ioncam agus an caiteachas a thaifeadh i gcuntais na scoile agus iad a bheith luaite sna deontais ábhartha de réir mar is cuí. Cuireadh in iúl do phríomhoifigí na BOO iad féin maidir le conas a n-ioncam agus caiteachas a thaifeadh.

Cuirtear i gcuimhne do scoileanna arís a chinntiú go ndéantar na stoic a bhainistiú agus a sholáthar go hiomchuí ionas nach mbeidh aon róstocáil de sholáthairí ann. Tá sé seo le déanamh lena chinntiú go bhfuil luach ar airgead á bhaint amach agus le cur amú a sheachaint.

Mar a cuireadh in iúl roimhe seo, ní mór aon mhaoiniú a bhaineann le Caipitíocht Covid-19 nár caitheadh a chur ar ais go dtí cuntas bainc na Roinne trí ríomhaistriú airgid. Is é an spriocdháta leis an maoiniú a bhaineann le scoilbhliain 21/22 a chur ar ais ná an 30ú Meán Fómhair 2022. Ba chóir lóisteáil amháin a chlúdaíonn na deontais uile (Glantachán Breisithe, Trealamh Cosanta Pearsanta agus Maoirseacht Bhreisithe de réir mar is cuí) a dhéanamh.

Ba chóir do scoileanna na sonraí faoin maoiniú atá le cur ar ais a chur ar ríomhphost chuig an Roinn seachas iad siúd in Earnáil an BOO.

Beidh ar na BOOanna aon mhaoiniú nár caitheadh le haghaidh a scoileanna a chur ar ais go dtí Cuntas bainc na Roinne. Beidh Rannóg Airgeadais agus Riaracháin agus Pearsanra an BOO i dteagmháil arís le gach Príomhoifig BOO le tuilleadh eolais faoi na socrúithe d'earnáil an BOO.

Tá tuilleadh sonraí maidir leis na socrúithe leis an maoiniú nár caitheadh do scoilbhliain 21/22 a chur ar ais san áireamh in Aguisín B.

Le haghaidh tuilleadh sonraí téigh i dteagmháil le do thoil leis an Roinn ar ríomhphost ag covid19_alert@education.gov.ie nó ar an bhfón ag 057 9324461.

Leanfaidh an Roinn de bheith ag obair go dlúth i gcomhar leis na comhpháirtithe oideachais agus leis na saineolaithe sláinte poiblí ar fad ionas go dtabharfar tacaíocht do na scoileanna le haon bhearta a chur i bhfeidhm a bheadh ag teastáil don chuid eile den scoilbhliain seo.

Go raibh maith agat arís as do thiomantas leanúnach leis na socruithe seo a chur i bhfeidhm chun cosaint a thabhairt do na baill foirne, na scoláirí, na tuismitheoirí agus na cuairteoirí.

Is mise le meas

Deirdre Shanley
Rúnaí Cúnta
Meán Fómhair 2022

Aguisín A

Samplaí léiritheacha den luach den deontas atá Curtha le Chéile don Ghlantachán agus don Trealamh Cosanta Pearsanta atá infóicta le haghaidh scoileanna de mhéideanna éagsúla.

Bunscoileanna	
Luach Dheontais Chaipitíochta Covid-19 – Ráta Príomhshrutha - Téarma 1 Scoilbhliain 22/23	
Rollú na nDaltaí	Glantachán agus Trealamh Cosanta Pearsanta Curtha le Chéile
Suas go 60	€2,460
100	€4,100
200	€8,200
400	€16,400
600	€24,600

Bunscoileanna Speisialta	
Luach Dheontais Chaipitíochta Covid-19 – Ráta Breisithe - Téarma 1 Scoilbhliain 22/23	
Líon na Múinteoirí	Glantachán agus Trealamh Cosanta Pearsanta Curtha le Chéile
1	€6,340
2	€6,552
3	€10,144
4	€13,737
5	€17,330
6	€20,817
7	€24,093
8	€27,263
9	€28,742
10	€32,229
11	€35,716
12	€39,204
13	€42,691
14	€46,178
15	€49,665
16	€53,152

Iar-Bhunscoileanna	
Luach Dheontais Chaipitíochta Covid-19 – Ráta Príomhshrutha - Téarma 1 Scoilbhliain 22/23	
Rollú na nDaltaí	Glantachán agus Trealamh Cosanta Pearsanta Curtha le Chéile
Up to 200	€8,600
400	€17,200
600	€25,800
800	€34,400
1,600	€68,800

Aguisín B – Na socruithe leis an maoiniú nár caitheadh do Scoilbhliain 21/22

A chur ar ais lena coinneáil má tá deontais a bhaineann le caipitíocht covid-19 a gcur ar ais go dtí an

Roinn Oideachais

Aisíocaíochtaí Covid		
Sonraí le húsáid ag buscoileanna (seachas Scoileanna Pobail Náisiúnta), Meánscoileanna, Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha Deonacha		
Sonraí Chuntas Banc na Roinne	Ainm an Bhrainse	Danske Bank, 3 Plás Mháistir an Chuain, IFSC, Baile Átha Cliath 1, D01 K8F1
	Ainm an Chuntais	PMG Gen Remittance
	Uimhir an Chuntais	10001155
	Cód Sórtála	95-15-99
	BIC	DABAIE2D
	IBAN	IE16 DABA 9515 9910 0011 55
Teachtairacht/Ceannscríbhinn atá le húsáid don chuntas ina bhfuil an íocaíocht á lóisteáil	COVIDREFUND2122 agus Uimh. Rolla na Scoile díreach ina diadh e.g. COVIDREFUND212231245A	
Seoladh ríomhphoist ar chóir sonraí na ndeontas atá á gcur ar ais a sheoladh chuige	covidrefundsdf@education.gov.ie	
Sonraí le cur san áireamh sa ríomhphost	a)Líne Ábhair – Uimhir Rolla na Scoile agus COVIDREFUND2122 díreach ina diadh b)An tsuim iomlán atá á cur ar ais c)Ainm agus Uimhir Fóin chun críche teagmhála	

Aisíocaíochtaí Covid		
Sonraí le húsáid ag na Boird Oideachais agus Oiliúna		
Sonraí Chuntas Banc na Roinne	Ainm an Bhrainse	Danske Bank, 3 Plás Mháistir an Chuain, IFSC, Baile Átha Cliath 1, D01 K8F1
	Ainm an Chuntais	PMG Gen Remittance
	Uimhir an Chuntais	10001155
	Cód Sórtála	95-15-99
	BIC	DABAIE2D
	IBAN	IE16 DABA 9515 9910 0011 55
Teachtairacht/Ceannscríbhinn atá le húsáid don chuntas ina bhfuil an íocaíocht á lóisteáil	COVIDREFUND2122 agus inisealacha an BOO iomchuí díreach ina diadh e.g. COVIDREFUND2122CMETB, COVIDREFUND2122MSLETB	
Seoladh ríomhphoist ar chóir sonraí na ndeontas atá á gcur ar ais a sheoladh chuige	financialetb@education.gov.ie	
Sonraí le cur san áireamh sa ríomhphost	Beidh Rannóg Airgeadais agus Riaracháin agus Pearsanra an BOO i dteagmháil arís le gach príomhoifig BOO le tuilleadh eolais maidir leis na socruithe d’earnáil an BOO.	